RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/98 ÓN gCOIMISIÚN

an 14 Eanáir 2025

maidir le clárú an tsainearra thraidisiúnta faoi ráthaíocht 'Arroz de Sarrabulho à moda de Ponte de Lima' (STR) i gclár an Aontais um shainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht de bhun Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ([1]), agus go háirithe Airteagal 64(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 50(2), pointe (b), de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), rinneadh iarratas na Portaingéile ar chlárú an tsainearra thraidisiúnta faoi ráthaíocht 'Arroz de Sarrabulho à moda de Ponte de Lima', arb iarratas é a fuair an Coimisiún roimh dháta theacht i bhfeidhm Rialachán (AE) 2024/1143, a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([3]).

(2) Ní bhfuair an Coimisiún aon ráiteas freasúra faoi Airteagal 61 de Rialachán (AE) 2024/1143, atá infheidhme maidir leis an iarratas ar chlárú i gcomhréir le hAirteagal 90(6) den Rialachán sin.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, an sainearra traidisiúnta faoi ráthaíocht 'Arroz de Sarrabulho à moda de Ponte de Lima' a chur isteach i gclár an Aontais um shainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, déantar an sainearra traidisiúnta faoi ráthaíocht 'Arroz de Sarrabulho à moda de Ponte de Lima' (STR) a chur isteach i gclár an Aontais um shainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht dá dtagraítear in Airteagal 65 de Rialachán (AE) 2024/1143.

([1]) IO L, 2024/1143, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj.
([2]) Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí (IO L 343, 14.12.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/1151/oj).
([3]) IO C, C/2024/5684, 24.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/5684/oj.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 14 Eanáir 2025.

Thar ceann an Choimisiúin,
Thar ceann an Uachtaráin,
Christophe HANSEN
Comhalta den Choimisiún